An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Foirm 2

Iarratas ar chúiteamh do bhaill den Gharda Síochána amháin, díobhálacha mailíseacha ar diúité)

==========

NA hACHTANNA GARDA SÍOCHÁNA (CÚITEAMH), 1941 AGUS 1945

FOIRM IARRATAIS AR CHÚITEAMH
I LEITH DÍOBHÁLACHA PEARSANTA NACH bhFUARTHAS BÁS DÁ nDEASCA

---

1. **Ainm an Iarratasóra: .....**

2. **Céim an Iarratasóra agus UIMHIR FHADA:**

.....

3. **Dáta scoir an iarratasóra (mura bhfuil sé nó sí ag fónamh mar bhall den Gharda Síochána a thuilleadh):**

.....

4. **Seoladh poist agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra/an Aturnae thar ceann an Iarratasóra:**

.....

.....

5. **An dáta ar a ndearnadh na díobhálacha [dáta teagmhais amháin in aghaidh an iarratais]:**

.....

6. ***Sonraí na ndíobhálacha agus na cóireála a cuireadh ar fáil:**

.....

.....

.....

7. ***An dualgas (más ann) a raibh an t-iarratasóir ina bhun nuair a rinneadh na díobhálacha [Deimhnigh an raibh an t-iarratasóir i mbun dualgas lenar bhain fiontar speisialta- beidh ar an gCigire ábhartha é sin a dheimhniú]**

.....

.....

8. ***An áit <u>agus</u> na himthosca ina ndearnadh na díobhálacha:**

.....

.....

.....

9. **Má tá an t-iarratas á chur isteach lasmuigh de na teorainneacha ama reachtúla mar atá leagtha amach in Alt 5 de na hAchtanna, tabhair míniú:**

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Foirm 2

(Iarratas ar chúiteamh do bhaill den Gharda Síochána amháin, díobhálacha mailíseacha ar diúité)

==========

.....

.....

.....

10. Fíorais agus imthosca eile (más ann) ar mian leis an iarratasóir iad a chur faoi bhráid an Aire mar thaca leis an iarratas

.....

.....

.....

.....

(Arna shíniú) _____

Arna dhátú an _____ lá seo de _____20

TABHAIR FAOI DEARA - Nuair a bheidh sí comhlánaithe, ba chóir an fhoirm seo, **mar aon le Fógra Príobháideachais comhlánaithe**, a sheoladh leis an bpost i gclúdach a bheidh dírithe chuig "Faoi bhráid: Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, D02 HK52".

*Ba chóir sonraí atá rófhada le lua san fhoirm seo a leagan amach ar bhileog ar leith a ghabhann leis an bhfoirm seo.

An Roinn Dlí agus Cirt

Foirm Iarratais ar Chúiteamh faoi na hAchtanna Gárda Síochána (Cúiteamh), 1941 agus 1945

Fógra Príobháideachais

1. Bailíonn Aonad Cúitimh an Gharda Síochána, ar Rannán de chuid na Roinne Dlí agus Cirt é, na sonraí a sholáthraíonn tú san fhoirm seo. Is í an Roinn Dlí agus Cirt an rialaitheoir sonraí don fhaisnéis a sholáthraíonn tú. Is iad seo a leanas sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: An Roinn Dlí agus Cirt, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, D02 HK52.

2. Féadfaimid na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú san fhoirm seo a úsáid chun iarratas faoi na hAchtanna Garda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945, a phróiseáil.

   Tá an bunús dlíthiúil atá againn chun na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil bainteach leis na hAchtanna Garda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945.

   Déanfar na sonraí pearsanta a sholáthrófar anseo a stóráil go sábháilte ar fhreastalaithe TF na Roinne Dlí agus Cirt.

   Féadfar iad a roinnt, más cuí, leis na tríú páirtithe seo a leanas:

   - Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
   - An Príomhoifigeach Míochaine, an Garda Síochána

3. Is é an Rannán Póilíneachta, an Roinn Dlí agus Cirt, an teagmhálaí le haghaidh aon cheisteanna i dtaobh na foirme seo.

4. Déanfar na sonraí seo a stóráil i gcomhréir le sceidil choinneála shonraithe na Roinne Dlí agus Cirt agus le ceanglais an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986.

5. Féadfaidh tú cóip de na sonraí pearsanta atá inár seilbh a iarraidh. Níl le déanamh ach Foirm Iarratais Duine ar a S(h)onraí (atá ar fáil ar www.justice.ie nó ó aon Oifig Phoiblí de chuid na Roinne Dlí agus Cirt) a chomhlánú agus í a chur le ríomhphost chuig subjectaccessrequest@justice.ie nó leis an bpost chuig Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne Dlí agus Cirt ag an seoladh thíos. Ceanglófar ort d'aitheantas a fhíorú sula bhféadfar na sonraí a chur ar aghaidh chugat.

6. Tá sé de cheart agat míchruinnis ar bith i do shonraí san fhoirm iarratais a cheartú. Leis sin a dhéanamh, ba cheart duit scríobh chuig an Rannán Póilíneachta, an Roinn Dlí agus Cirt, agus na míchruinnis nach mór a cheartú a dhoiciméadú.

7. Tá sé de cheart agat, más cuí, go scriosfaí do shonraí agus/nó go gcuirfí srian ar phróiseáil do shonraí, mar aon leis an gceart agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí. Ina leithéid de chás, bainfear d'iarratas faoi na hAchtanna Garda Síochána (Cúiteamh), 1941-1945, agus ní dhéanfar é a phróiseáil a thuilleadh. Lena chois sin, tá sé de cheart agat gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Féadtar tuilleadh sonraí maidir le do chearta cosanta sonraí a fháil i mBeartas Cosanta Sonraí na Roinne Dlí agus Cirt, atá ar fáil ar www.justice.ie.

Féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don Roinn Dlí agus Cirt tríd an bpost:

An tOifigeach Cosanta Sonraí, an Roinn Dlí agus Cirt,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, D02 HK52.
Nó
trí ríomhphost: dataprotectioncompliance@DOJ.ie

Admhaím gur léigh mé agus gur thuig mé an fhaisnéis arna soláthar ag an Roinn Dlí agus Cirt thuas d'fhonn a chinntiú go bpróiseálfar mo shonraí pearsanta go cothrom agus go trédhearcach.

Ainm an Iarratasóra: _____
BLOCLITREACHA

Síniú an Iarratasóra: _____

Dáta: _____